



An Tairseach MTT

Le comhlánú ag an Iarratasóir

Fógra don Tairseach MTT faoin rún iarratas a dhéanamh ar thoiliú forbartha a n-éilítear Measúnacht Tionchair Timpeallachta ina leith faoi Threoir 2011/92/AE arna leasú le Treoir 2014/52/AE maidir le measúnacht a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol.

Íoslódáil agus comhlánaigh an fhoirm seo agus seol ar ais í (i dteannta na gceangaltán atá liostaithe thíos) chuig EIAPortal@housing.gov.ie.

Ní mór gach réimse ag a bhfuil réiltín a chomhlánú.

***Ainm an Iarratasóra:**

***Seoladh ríomhphoist an Iarratasóra:**

Chun críche comhfhreagras a dhéanamh. Ní fhoilseofar é sin ar an tairseach MTT.

***Uimhir theileafóin teagmhála:**

Ní fhoilseofar an uimhir sin ar an tairseach MTT.

Teagmhálaí (más difriúil leis an Iarratasóir):

Ní fhoilseofar an t-ainm sin, más difriúil le hainm an Iarratasóra, ar an tairseach MTT.

***Láthair na forbartha beartaithe:**

Nuair is cuí, ba cheart seoladh sonracha a thabhairt, mar aon le hÉirchód, más ann. I gcás gur mó an seoladh ná an spás atá curtha ar fáil, ba cheart é a thabhairt i dtéarmaí ginearálta, mar go léireofar an fógra poiblí beartaithe ar an Tairseach MTT chun faisnéis níos cruinne a thabhairt.

***Cur síos ar an bhforbairt bheartaithe:**

I gcás gur mhó an cur síos ar an bhforbairt bheartaithe ná an spás atá curtha ar fáil, ba cheart é a thabhairt i dtéarmaí ginearálta i dteannta faisnéis leordhóthanach chun cabhrú le daoine den phobal a thuiscint cad atá beartaithe. Léireofar an fógra poiblí beartaithe ar an Tairseach MTT chun faisnéis níos cruinne a thabhairt.

***An tÚdarás Inniúil a ndéanfar an t-Iarratas chuige:**

I gcás gur gá duit iarratas a dhéanamh chuig níos mó ná údarás inniúil amháin ar thoiliú forbartha, beidh sé riachtanach fógraí ar leith a thabhairt don Tairseach MTT i leith gach iarratais.

***An bhfuil sé amhlaidh gur forbairt líneach í seo (e.g. bóthar, píblíne, cábla tarchuir)? 'Tá' nó 'Níl'**

Deimhnigh na doiciméid atá á gceangal leis an bhfoirm seo agus atá á seoladh ar ais léi chuig

EIAPortal@housing.gov.ie

(Tabhair faoi deara gurb é 18 MB an uasmhéid iomlán atá ceadaithe le haghaidh do ríomhphoist agus gach ceangaltán)

Cóip inchuardaithe den fhógra poiblí beartaithe (e.g. comhad inchuardaithe PDF):

De ghnáth, is ionann é sin agus an comhad leictreonach a d'ullmhaigh tú lena chur faoi bhráid na nuachtán

Cóip inchuardaithe den léarscáil láithreáin (i bhformáid PDF):

Deimhnigh go bhfuil an **séanadh** léite agat.

Deimhním go bhfuil an séanadh léite agam